TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
MEDINA
arna tabhairt an 24 Feabhra 2022[1]

Cás C-36/21

Sense Visuele Communicatie en Handel vof
v
Minister van Landbouw, Natuur en Voedselkwaliteit

(Iarraidh ar réamhrialú ón College van Beroep voor het Bedrijven (an Chúirt Achomhairc Riaracháin do Thrádáil agus Tionscal, an Ísiltír))

(Iarraidh ar réamhrialú – Comhbheartas talmhaíochta – Rialachán Uimh. 1307/2013 – Íocaíochtaí Díreacha – Teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh – Airteagal 30(6) – Cúlchiste náisiúnta d'fheirmeoirí óga – Airteagal 50(2)(b) – An Coincheap 'feirmeoirí óga' – Faisnéis earráideach – Ionchais dhlisteanacha faoin dlí náisiúnta – Caingean le haghaidh damáistí – Comhoiriúnacht le dlí an Aontais)

Réamhrá

1. Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú leis an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoi dhlí an Aontais agus leis an gcaoi a mbaineann sé leis an bprionsabal céanna sin faoin dlí náisiúnta. Eascraíonn sé i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí a tionscnaíodh i gcoinne an údaráis náisiúnta atá i gceannas ar rialacha talmhaíochta an Aontais a chur i bhfeidhm san Ísiltír. Go bunúsach, is mian leis an gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach cibé an bhféadtar nó nach bhféadtar an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint arna aithint sa dlíchóras náisiúnta a agairt chun damáiste líomhnaithe a chúiteamh nuair nach féidir brath ar an bprionsabal den chineál céanna faoi dhlí an Aontais.

2. Tá an iarraidh déanta in imeachtaí idir Sense Visuele Communicatie en Handel vof ('Sense Visuele') agus Minister van Landbouw, Natuur en Voedselkwaliteit (an tAire Talmhaíochta, Dúlra agus Cáilíochta Bia, 'an tAire'). Baineann na himeachtaí sin leis an éileamh ar chúiteamh a rinne Sense Visuele ar an damáiste a líomhnaítear a ndearnadh dó mar thoradh ar an bhfaisnéis earráideach a chuir údarás na hÍsiltíre ar fáil faoin gcoincheap maidir le 'feirmeoirí óga' a leagtar amach in Airteagal 50(2) den Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013.[2]

[1] Bunteanga: an Béarla.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 608).

An dlí lena mbaineann

3. Le Rialachán 1307/2013, bunaítear comhrialacha maidir le híocaíochtaí a dheonófar go díreach d'fheirmeoirí faoi na scéimeanna tacaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis. [3] Leagtar amach ann freisin rialacha sonracha maidir leis na scéimeanna sin, eadhon an íocaíocht bhunúsach d'fheirmeoirí ('an íocaíocht bhunúsach'), an íocaíocht i gcomhair feirmeoirí a urramóidh cleachtais talmhaíochta a bheidh chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil ('an ghlasíocaíocht') agus an íocaíocht i gcomhair feirmeoirí óga a bheidh ag dul i mbun gníomhaíochta talmhaíochta den chéad uair ('an íocaíocht d'fheirmeoirí óga'). [4]

4. Go háirithe, cuireann an íocaíocht bhunúsach íosleibhéal tacaíochta ioncaim ar fáil d'fheirmeoirí atá i mbun gníomhaíochtaí talmhaíochta. Déantar an íocaíocht ar bhonn bliantúil le feirmeoirí nuair a ghníomhachtóidh siad na teidlíochtaí íocaíochta atá ina seilbh agus ríomhtar í ar bhonn na heicteár talún incháilithe a dhearbhóidh siad. [5]

5. Tá an íocaíocht bhunúsach le breisiú le híocaíochtaí díreacha eile atá spriocdhírithe ar shaincheisteanna sonracha nó ar chineálacha sonracha tairbhithe. [6] Mar sin is réamhchoinníoll é teidlíochtaí íocaíochta a shealbhú faoi scéim na híocaíochta bunúsaí chun tacaíocht a fháil faoin gcuid eile de na scéimeanna arna mbunú le Rialachán Uimh. 1307/2013, amhail an ghlasíocaíocht agus an íocaíocht d'fheirmeoirí óga. [7]

6. Leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta ar dtús ar fheirmeoirí gníomhacha [8] a rinne iarratas orthu sa chéad bhliain de chur i bhfeidhm scéim na híocaíochta bunúsaí, is é sin 2015. [9] Ó shin i leith, féadfar iad a fháil trí na cúlchistí náisiúnta nó réigiúnacha arna mbunú ag na Ballstáit [10] agus/nó iad a aistriú idir feirmeoirí. [11]

7. Chun críocha an cháis seo, tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 30 de Rialachán Uimh. 1307/2013, i mír 6 de, go bhfuil na Ballstáit le húsáid a bhaint as a gcúlchistí náisiúnta nó réigiúnacha chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí óga agus ar fheirmeoirí a bheidh ag dul i mbun gníomhaíocht talmhaíochta den chéad uair, agus é sin a bheith ina thosaíocht acu. Tagraítear san Airteagal céanna sin, i mír 11 de, d'Airteagal 50(2)(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013, ina sainítear 'feirmeoirí óga' mar dhaoine nádúrtha, *inter alia*, 'nach sine iad ná 40 bliain d'aois sa bhliain inar cuireadh isteach an t-iarratas [faoi scéim na híocaíochta bunúsaí]'.

[3] Airteagal 1(a) de Rialachán Uimh. 1307/2013. Déantar íocaíochtaí díreacha ina n-iomláine ar an gcoinníoll go gcomhlíonann feirmeoirí bunchaighdeáin maidir leis an gcomhshaol, athrú aeráide, dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil talún, sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus le leas ainmhithe, ar a dtugtar "traschomhlíonadh". Leagtar síos rialacha maidir le 'traschomhlíonadh' i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 549).

[4] Airteagal 1(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013 agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis.

[5] Airteagail 32 agus 33 de Rialachán Uimh. 1307/2013.

[6] Airteagal 21 de Rialachán Uimh. 1307/2013. Féach freisin an Coimisiún Eorpach, 'Íocaíochtaí díreacha. Scéim na híocaíochta bunúsaí', Márta 2016, lch. 1, ar fáil ag https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/food-farming-fisheries/key_policies/documents/basic-payment-scheme_en.pdf.

[7] Airteagal 43 agus Airteagal 50(1) de Rialachán Uimh. 1307/2013.

[8] Airteagal 9 de Rialachán Uimh. 1307/2013.

[9] Féach aithris 21 de Rialachán Uimh. 1307/2013 agus Airteagal 21(1)(a) agus Airteagal 24 de.

[10] Airteagal 30(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 1307/2013.

[11] Airteagal 34 de Rialachán Uimh. 1307/2013.

Fíoras, nós imeachta agus an cheist a tharchuirtear

8. Is comhpháirtíocht ghinearálta é Sense Visuele le dhá chomhpháirtí, A agus B, a bhfuil feirm ar a ndéantar muca a ramhrú á oibriú aici ó 2017 i leith. An 21 Eanáir 2018, bhain A 41 bhliain d'aois amach.

9. An 15 Márta agus an 5 Aibreán 2018, sheol Sense Visuele roinnt iarratas ar fhaisnéis chuig an Rijksdienst voor Ondernemend Nederland (Gníomhaireacht Fiontraíochta na hÍsiltíre; 'RVO'), an ghníomhaireacht feidhmiúcháin ar cuireadh de chúram uirthi comhbheartas talmhaíochta an Aontais a chur chun feidhme san Ísiltír. Go bunúsach, ós rud é nach raibh teidlíochtaí íocaíochta ag Sense Visuele don bhliain 2018, bhí sé ag iarraidh a fháil amach cibé an bhféadfadh sé iad a fháil ón Nationale reserve voor Jonge landbouwers (Cúlchiste Náisiúnta d'fheirmeoirí óga na hÍsiltíre; 'an cúlchiste náisiúnta'), agus cén chaoi a bhféadfadh sé iad a fháil.

10. Thug RVO le fios do Sense Visuele go mbeadh sé incháilithe do theidlíochtaí íocaíochta ón gcúlchiste náisiúnta toisc go raibh A faoi 41 bhliain d'aois ag pointe éigin in 2018. I ndeireadh na dála, de réir na faisnéise a cuireadh ar fáil ar shuíomh gréasáin RVO ag an am sin, chun cáiliú mar 'fheirmeoir óg' chun críocha Rialachán Uimh. 1307/2013, b'éigean don duine a bheith faoi 41 bhliain d'aois sa bhliain ina ndéantar an t-éileamh. Dhearbhaigh RVO an fhaisnéis sin ina dhiaidh sin trí ríomhphost chuig Sense Visuele.

11. An 5 Aibreán 2018, chuir Sense Visuele iarratais isteach ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta ón gcúlchiste náisiúnta, ar an bhforas gurbh fheirmeoir óg a bhí in A, agus ar an íocaíocht bhunúsach, ar an nglasíocaíocht agus ar an íocaíocht d'fheirmeoirí óga chomh maith. I gcodarsnacht leis sin, níor fhéach sé leis na teidlíochtaí sin a fháil trí aistriú ó thríú sealbhóir.

12. Le cinntí an 2 agus an 4 Eanáir 2019, arna ndeimhniú níos déanaí le cinneadh an 22 Márta 2019, dhíbh an tAire iarratais Sense Visuele. D'áitigh an tAire, de réir Airteagal 50(2)(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013, gurb ionann feirmeoir óg agus duine nach bhfuil níos sine ná 40 bliain d'aois sa bhliain ina gcuireann sé iarratas isteach. Ós rud é go raibh 41 bhliain d'aois slánaithe ag A in 2018, níor chomhlíon sí an riachtanas aoise a leagtar síos san fhoráil sin agus, dá bhrí sin, ní fhéadfadh Sense Visuele cáiliú le haghaidh leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta ón gcúlchiste náisiúnta. Ina theannta sin, ós rud é nach raibh aon teidlíochtaí íocaíochta faighte ag Sense Visuele don bhliain 2018, b'éigean na hiarratais ar an íocaíocht bhunúsach agus an ghlasíocaíocht a dhíbhe. Ar deireadh, dhearbhaigh an tAire nach bhféadfadh Sense Visuele brath ar phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoi dhlí an Aontais, is cuma cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh é de mheon macánta. I dtaca leis sin, thug an tAire dá aire, i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, nach féidir an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint a agairt i ndáil le foráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais, amhail Airteagal 50(2)(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013.

13. Tá Sense Visuele tar éis caingean a thionscain os comhair an College van Beroep voor het bedrijfsleven (an Chúirt Achomhairc Riaracháin do Thrádáil agus Tionscal, an Ísiltír) ag iarraidh cinneadh an 22 Márta 2019 a chur ar neamhní agus cúiteamh ón Aire ar an gcaillteanas airgeadais a ndearnadh dó de bharr na ndearbhuithe earráideacha arna dtabhairt ag RVO.

14. De réir na cúirte a rinne an tarchur, ní hé ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ón gcúlchiste náisiúnta do Sense Visuele. Is éard atá i gceist leis ná cibé ar ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh an tAire de shárú ar an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, nuair nár thairg sé cúiteamh a thabhairt do Sense Visuele sa damáiste a

líomhnaítear a ndearnadh dó. Chuige sin, tugann an chúirt chéanna dá haire go leanann sé ó chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais nach féidir brath ar an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoi dhlí an Aontais nuair a bhaineann sé le foráil neamh-dhébhríoch den dlí sin, mar atá amhlaidh le hAirteagal 50(2)(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013. Tá amhras ann, áfach, cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar Sense Visuele cúiteamh a fháil de bhun caingean le haghaidh damáistí ar bhonn an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoi dhlí na hÍsiltíre.

15. Is sna himthosca sin a chinn College van Beroep voor het bedrijfsleven (an Chúirt Achomhairc Riaracháin do Thrádáil agus Tionscail) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú:

‘An gcoisctear le dlí an Aontais measúnú a dhéanamh, ar bhonn an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta, maidir le cibé ar chruthaigh nó nár chruthaigh údarás riaracháin náisiúnta ionchais atá contrártha le foráil de dhlí an Aontais agus gur ghníomhaigh sé go neamhdhleathach mar sin faoin dlí náisiúnta mar gheall ar mhainneachtain an páirtí a ndearnadh dochar dó a chúiteamh ar an damáiste a rinneadh dá bharr, i gcás nach féidir leis an bpáirtí a ndearnadh dochar dó an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint a agairt go rathúil toisc go bhfuil foráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais i gceist?’

16. Rinneadh an iarraidh ar réamhrialú a thaisceadh i gClárlann na Cúirte an 22 Eanáir 2020. Tá barúlacha i scríbhinn curtha isteach ag Sense Visuele, ag Rialtais na hÍsiltíre agus na Spáinne agus ag an gCoimisiún Eorpach. Níor tionóladh aon éisteacht sa chás.

Anailís

17. Leis an gceist sin, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena chinneadh cibé an gcoisctear le dlí an Aontais an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint a agairt, mar a bhunaítear sa dlí náisiúnta é, chun go bhfaigheadh éilitheoir cúiteamh ón údarás náisiúnta atá i gceannas ar rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm, nuair nach bhféadtar brath ar an bprionsabal céanna, mar a aithnítear le dlí an Aontais é, ós rud é go mbaineann sé le foráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais.

18. Mar réamhphointe, ní mór dom a thabhairt chun cuimhne go bhfuil an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint i measc phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.[12] Tugtar cearta do dhaoine aonair leis,[13] ar cearta iad a bhaineann le haon duine i gcás ina raibh údarás riaracháin mar chúis leis an duine sin ionchais a bheith aige a raibh údar maith leo de bharr dearbhuithe beachta a tugadh dó.[14] Chuige sin, tá gá le cinneadh a dhéanamh i dtaobh cibé an bhfuil nó nach bhfuil ionchas réasúnach ann mar gheall ar iompar an údaráis riaracháin ábhartha agus, má tá, cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-ionchas sin dlisteanach.[15]

19. Tá an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoi dhlí an Aontais ina cheangal ní hamháin ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Aontais; ceanglaítear ar na Ballstáit freisin an prionsabal a urramú nuair a ghlacann siad bearta trína gcuireann siad noirm an Aontais chun

[12] Breithiúnas an 14 Márta 2013, *Agrargenossenschaft Neuzelle* (C-545/11, EU:C:2013:169, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[13] Féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Bealtaine 1992, *Mulder agus páirtithe eile* v *an Chomhairle agus an Coimisiún* (C-104/89 agus C-37/90, EU:C:1992:217, mír 15).

[14] Breithiúnas an 7 Lúnasa 2018, *Administratīvā rajona tiesa* (C-120/17, EU:C:2018:638, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[15] Breithiúnas an 7 Lúnasa 2018, *Administratīvā rajona tiesa* (C-120/17, EU:C:2018:638, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

feidhme.[16] I réimse an chomhbheartais talmhaíochta, tá an Chúirt tar éis a rialú arís agus arís eile nach mór do gach údarás náisiúnta a gcuirtear de chúram air dlí an Aontais a chur i bhfeidhm an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint a urramú.[17]

20. Ach, de réir chásdlí na Cúirte, ní mór an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint a chur i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha dhlí an Aontais.[18] Ní féidir brath ar an bprionsabal sin i gcoinne foráil de dhlí an Aontais atá neamh-dhébhríoch. Ní féidir le hiompar údaráis náisiúnta atá freagrach as dlí an Aontais a chur i bhfeidhm, ag gníomhú de shárú ar an dlí sin, a bheith ina chúis le hionchas dlisteanach ag duine a fhaigheann cóireáil thairbheach atá contrártha le dlí an Aontais.[19]

21. Sa chás seo, tá sé soiléir ón ordú tarchuir, ar dtús, de réir na cúirte a rinne an tarchur, gurbh í an fhaisnéis earráideach a chuir RVO ar fáil, ar cheart a thuiscint mar léiriú ar thuairim an Aire, ba chúis le Sense Visuele an t-iarratas a dhéanamh ar theidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ón gcúlchiste náisiúnta in ionad iad a fháil ó thríú sealbhóir trí aistriú. Sa chomhthéacs sin, tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim go bhféadfadh damáiste a bheith déanta do Sense Visuele mar gheall ar an ionchas dlisteanach arna chruthú ag RVO, rud a chuir cosc air teidlíochtaí íocaíochta a fháil do 2018 agus, dá bharr sin, an íocaíocht bhunúsach agus an ghlasíocaíocht a fháil. Dar leis an gcúirt sin, is éard a bheadh sa damáiste a rinneadh do Sense Visuele ná go gcaillfí na híocaíochtaí a dhiúltaigh an tAire a leithdháileadh air, tar éis chostas na dteidlíochtaí a bheadh air a cheannach ó thríú sealbhóir mar réamhchoinníoll chun an dá íocaíocht a fháil a asbhaint.

22. Ar an dara dul síos, ní cheistíonn an chúirt a rinne an tarchur go raibh an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoi dhlí an Aontais ina cheangal ar an Aire nuair a ghlac sí cinneadh an 22 Márta 2019. San ordú tarchuir, míníonn an chúirt sin go deimhin gur i gcomhthéacs chur i bhfeidhm rialacha talmhaíochta an Aontais san Ísiltír, go háirithe na scéimeanna íocaíochta dírí a leagtar amach i Rialachán Uimh. 1307/2013,[20] gur dhiúltaigh an tAire teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar Sense Visuele agus dá hiarratais ar an íocaíocht bhunúsach, ar an nglasíocaíocht agus ar an íocaíocht d'fheirmeoirí óga. É sin ráite, measann an chúirt a rinne an tarchur gur foráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais é Airteagal 50(2)(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013.[21] Dá réir sin, dar leis an gcúirt sin, is léir nach féidir le Sense Visuele brath ar an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoi dhlí an Aontais chun teidlíochtaí íocaíochta a éileamh ón gcúlchiste náisiúnta.

23. Mar sin féin, is mian leis an gcúirt a rinne an tarchur a fháil amach cibé an bhfuil féidearthacht ann do Sense Visuele, i gcaingean náisiúnta le haghaidh damáistí i gcoinne an Aire, an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint a agairt, mar atá leagtha síos sa dlíchóras náisiúnta d'fhonn cúiteamh a fháil ar an gcaillteanas a fulaingíodh.

16 Breithiúnas an 7 Lúnasa 2018, *Administratīvā rajona tiesa* (C-120/17, EU:C:2018:638, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

17 Féach breithiúnais an 26 Aibreán 1988, *Krücken* (316/86, EU:C:1988:201, mír 22), agus an 1 Aibreán 1993, *Lageder agus páirtithe eile* (C-31/91 go C-44/91, EU:C:1993:132, mír 33).

18 Breithiúnais an 13 Márta 2008, *Vereniging Nationaal Overlegorgaan Sociale Werkvoorziening agus páirtithe eile* (C-383/06 go C-385/06, EU:C:2008:165, mír 53), agus an 20 Meitheamh 2013, *Agroferm* (C-568/11, EU:C:2013:407, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear). Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott in *Agroferm* (C-568/11, EU:C:2013:35, mír 55).

19 Breithiúnas an 7 Lúnasa 2018, *Administratīvā rajona tiesa* (C-120/17, EU:C:2018:638, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

20 Féach, chuige sin, Airteagal 2(1)(2) de Uitvoeringsregeling rechtstreekse betalingen GLB (Rialachán ón Aire lena gcuirtear scéimeanna íocaíochtaí díreacha an chomhbheartais talmhaíochta chun feidhme).

21 Aontaíonn an chúirt a rinne an tarchur, na páirtithe sna príomhimeachtaí agus na páirtithe leasmhara a chuir barúlacha faoi bhráid na Cúirte gur foráil neamhdhébhríoch de dhlí an Aontais maidir leis an gcoinníoll aoise í an fhoráil atá leagtha síos in Airteagal 50(2)(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013.

24. Ar mhaithe le soiléireacht, ba mhaith liom a thabhairt chun suntais nach mbaineann an cheist dá dtagraítear le caingean le haghaidh damáistí ina bhfuil éilitheoir ag agairt an phrionsabail um dhliteanas Stáit as sárú ar dhlí an Aontais. [22] I ndeireadh na dála, tagraíonn an cás seo do chás inar dhiúltaigh údarás na hÍsiltíre go cuí teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar Sense Visuele ar an bhforas nár chomhlíon ceachtar dá chomhpháirtí an ceanglas aoise dá bhforáiltear in Airteagal 50(2)(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013 agus, de réir chásdlí na Cúirte, nach bhféadfaí brath ar an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoi dhlí an Aontais i gcoinne foráil den sórt sin.

25. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin nach mbaineann an cheist a chuir an chúirt a rinne an tarchur le cur i bhfeidhm an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta mar bhunús dlí chun cearta ar theidlíochtaí íocaíochta a dhearbhú faoi Rialachán Uimh. 1307/2013.

26. Go deimhin, mar a chuireann an Coimisiún in iúl ina bharúlacha i scríbhinn, ní mór an fhéidearthacht sin a chur as an áireamh, ar an gcéad dul síos, ar bhonn chásdlí na Cúirte ina sonraítear nach bhféadtar an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint a chur i bhfeidhm i gcoinne rialacha de dhlí an Aontais, eadhon iad siúd atá beacht agus gan athbhrí, mar a luadh cheana i mír 20 thuas. [23] Tugtar le tuiscint leis sin, i gcás den sórt sin sna príomhimeachtaí, nach bhféadtar an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta a chur in ionad an phrionsabail chéanna sin faoi dhlí an Aontais d'fhonn na cearta agus na tairbhí dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 1307/2013 a fháil. Seachas sin, ó pheirspictíocht fhoirmiúil, bheadh an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta bunaithe leis féin mar an caighdeán lena n-ordófaí infheidhmeacht an Rialacháin sin, agus é mar thoradh air sin go sárófaí dlí an Aontais leis an dlí náisiúnta agus, dá bharr sin, go sárófaí an prionsabal um thosaíocht an dlí sin.

27. Ina theannta sin, ní mór dom a mheabhrú, de bhua phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, nach féidir ligean do rialacha nó do phrionsabail an dlí náisiúnta an bonn a bhaint d'éifeachtacht agus d'aontacht dhlí an Aontais ar chríoch Ballstáit. [24]

28. I gcúinsí amhail imthosca an cháis seo, ar an gcéad dul síos, d'éifeachtacht iomlán dhlí an Aontais, ceanglaítear nach n-úsáidfear an prionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta chun dul timpeall ar na ceanglais nach mór d'fheirmeoirí a chomhlíonadh chun teidlíochtaí íocaíochta a fháil faoi Rialachán Uimh. 1307/2013. Seachas sin, bheadh prionsabal an dlí náisiúnta sin ann chun teidlíochtaí a leithdháileadh ar fheirmeoirí nach bhfuil incháilithe dóibh agus, ina dhiaidh sin, chun bearta a mhaoiniú nach gcuirtear chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme a bhaineann go sonrach le hearnáil. Mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta Kokott ina Tuairim sa chás *Agroferm*, [25] a dhéanfadh difear sa deireadh do

[22] Féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Samhain 1991, *Francovich agus páirtithe eile* (C-6/90 agus C-9/90, EU:C:1991:428).

[23] Féach, mar léiriú, ar bhreithiúnas an 20 Nollaig 2017, *Erzeugerorganisation Tiefkühlgemüse* (C-516/16, EU:C:2017:1011, míreanna 69 go 74).

[24] Breithiúnas an 21 Nollaig 2021, *Randstad Italia* (C-497/20, EU:C:2021:1037, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[25] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott in *Agroferm* (C-568/11, EU:C:2013:35, pointí 46 go 50).

leasanna airgeadais bhuiséad an Aontais Eorpaigh, atá ar cheann de na príomhthorthaí a bhfuil sé d'aidhm ag creat dlí an Aontais is infheidhme maidir le réimsí beartais comhbhainistíochta, amhail an comhbheartas talmhaíochta, a sheachaint. [26]

29. Ar an dara dul síos, is fiú a thabhairt faoi deara, i gcomhréir leis an Abhcóide Ginearálta Kokott sa Tuairim chéanna, lena nglacaim, dá bhféadfaí brath ar phrionsabal an dlí náisiúnta maidir le cosaint ionchas dlisteanach chun sochair agus cearta a fháil a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais – amhail, mar shampla, Rialachán Uimh. 1307/2013 – d'fhéadfadh éagsúlachtaí ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta sin sna Ballstáit éagsúla a bheith mar thoradh air. [27] Leagtar amach anseo breithniú a bhaineann le haontacht dhlí an Aontais agus a chur i bhfeidhm aonfhoirmeach laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh. Go deimhin, ós rud é gur féidir leis an raon feidhme a thugtar don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint i ngach ord dlí náisiúnta a bheith éagsúil, le roinnt Ballstát níos fabhraí ná Ballstáit eile maidir leis an gcosaint sin laistigh dá ndlínsí féin, [28] d'fhéadfadh daoine aonair agus gnóthais cóireáil éagsúil a fháil nuair a chuirtear Rialachán Uimh. 1307/2013 i bhfeidhm. D'fhéadfadh saobhadh comhuaineach iomaíochta sna Ballstáit a bheith mar thoradh air sin de bharr buntáistí a bheith bronnta ar dhaoine aonair agus ar ghnóthais áirithe i gcomparáid le cinn eile.

30. Leanann sé as sin, ar chúiseanna a bhaineann le tosaíocht dhlí an Aontais, chomh maith lena éifeachtacht agus aontacht, i gcás ina bhfuil ionchas cruthaithe ag údarás náisiúnta atá contrártha le foráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais, nach féidir le duine aonair iarracht a dhéanamh leas a bhaint as na cearta a thugtar leis an bhforáil sin ar bhonn an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta.

31. Tá an cheist fós ann maidir le cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear bac leis na cúinsí céanna sin ar iontaoibh an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta chun cúiteamh a fháil as an damáiste a rinne de bharr na ndearbhuithe bréagacha a thug údarás náisiúnta dó.

32. Maidir leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go ceart, gur bhain an tAbhcóide Ginearálta Mancini de thátal as, ina Thuairim sa chás *Krücken*, [29] cé go mb'fhéidir nach mbeadh páirtí éagóraithe ábalta brath ar an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint chun cearta atá contrártha le dlí an Aontais a dhearbhú, nár cheart an páirtí céanna a bhaint den 'fhéidearthacht go dtabharfaí caingean os comhair na cúirte náisiúnta chun cúiteamh a fháil ó na húdaráis atá freagrach as an earráid, dar léi, a rinne damáiste dó'. D'fhormhuinigh an tAbhcóide Ginearálta Tizzano an cur chuige céanna níos déanaí sna cásanna uamtha *Flemmer agus páirtithe eile*. [30] Níor thagair ceachtar den bheirt Abhcóide Ginearálta go sainráite don bhunús dlí ar a

[26] Féach, chuige sin, aithris 39 de Rialachán Uimh. 1306/2013. Féach freisin Airteagal 63(1) agus (2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

[27] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott in *Agroferm* (C-568/11, EU:C:2013:35, mír 48).

[28] Féach, chuige sin, Cúirt Uachtarach Riaracháin na Liotuáine agus ACA-Eoraip, *General Report. The Protection of Legitimate Expectations in Administrative Law and EU Law*, 2016, leathanach 2 *et seq.*, ar fáil ag https://www.aca-europe.eu/seminars/2016_Vilnius/VIL_GeneralReport_ga.pdf, a léiríonn difríochtaí suntasacha i gcur i bhfeidhm an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint idir na Ballstáit.

[29] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Mancini in *Krücken* (316/86, nár foilsíodh, EU:C:1988:78, lch. 2231).

[30] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Tizzano i gCásanna Uamtha *Flemmer agus páirtithe eile* (C-80/99 go C-82/99, EU:C:2001:57, mír 53).

bhféadfar an chaingean sin a shuíomh. Mar sin féin, ní fhéadfar a ráitis a léamh ach mar chuireadh chun gnímh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus, go háirithe, leis an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint arna aithint san ord dlíthiúil sin. [31]

33. Ina dhiaidh sin, sa chás *Belovo*, [32] maidir leis na ceadúnais earráideacha a chuir údarás náisiúnta ar fáil d'allmhaireoir táirgí feirme ó thíortha nach Ballstáit iad, dhearbhaigh an Chúirt nár cuireadh 'cosc', leis an Rialachán is infheidhme de chuid an Aontais, 'ar [an allmhaireoir sin] caingean a thionscnamh i leith damáistí in aghaidh na gníomhaireachta eisiúna, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás [gur] comhaontaíodh nár cheart na ceadúnais sin a bheith eisithe'. Dúirt an Chúirt freisin gur cheart, le linn na gníomhaíochta sin, aird a thabhairt, *inter alia*, ar ionchais dhlisteanacha an allmhaireora i leith na gceadúnas sin.

34. Déantar cinneadh na Cúirte sin a fhoirmiú trí thagairt shonrach a dhéanamh don reachtaíocht is infheidhme maidir leis an gcás sin, lenar bunaíodh córas ceadúnas allmhairithe agus onnmhairithe agus do dheimhnithe socraithe a airleacan do tháirgí talmhaíochta. I mo thuairim, áfach, léirítear sa bhreithiúnas sa chás *Belovo* go n-aithníonn an Chúirt go bhféadfadh éileamh ar chúiteamh faoin dlí náisiúnta eascairt as iompar neamhdhleathach údaráis náisiúnta fiú nuair a ghníomhaíonn sé faoi chuimsiú dhlí an Aontais, [33] go háirithe i gcás ina dtugtar dearbhuithe bréagacha ar chur i bhfeidhm an dlí sin.

35. I gcomhréir leis na breithnithe thuas, agus i gcomhréir leis na seasaimh atá sonraithe ag Rialtas na hÍsiltíre agus ag an gCoimisiún sa chás seo, tá mé den tuairim mar sin nach gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach caingean intíre a thionscnamh le haghaidh cúitimh as an damáiste a rinneadh mar thoradh ar dhearbhú bréagach a sholáthar atá contrártha d'fhoráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais. Ní choisctear leis ach an oiread a bheith ag brath ar phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint arna bhunú sa dlí náisiúnta chun na críche céanna sin, ar choinníoll, mar a thug mé faoi deara i mír 30 den Tuairim seo, nach bhfuil tosaíocht, éifeachtacht ná aontacht dhlí an Aontais i mbaol.

36. I dtaca leis sin, ar an gcéad dul síos, ní mór a shonrú, ionas nach mbainfear an bonn de thosaíocht dhlí an Aontais, nach mór cúiteamh a lorg go heisiach don chaingean a tionscnaíodh os comhair na cúirte náisiúnta ar bhonn phrionsabal an dlí náisiúnta i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint i leith an damáiste a eascraíonn as na dearbhuithe bréagacha a thug an t-údarás náisiúnta. Mar atá mínithe cheana i mír 26 den Tuairim seo, níor cheart go ndéanfar iarracht leis an gcaingean sin cearta atá contrártha le foráil an Aontais lena mbaineann a dhearbhú, ós rud é go dtiocfadh cás as sin ina mbeadh an dlí náisiúnta mar bhonn foirmiúil chun na sochair lena gcuirtear cosc air nó uirthi le dlí an Aontais a fháil a dhámhachtain ar an éilitheoir.

37. Dar liomsa, is dealraitheach go bhfuil an ceanglas sin comhlíonta i gcaingean den chineál a ndearna an chúirt a rinne an tarchur cur síos uirthi san ordú tarchuir nach bhfuil an t-éilitheoir ag lorg leithdháileadh de theidlíochtaí íocaíochta de bhun Rialachán Uimh. 1307/2013 faoi. Ina ionad sin, tá cúiteamh á éileamh aige as an bhfaisnéis earráideach a chuir an t-údarás náisiúnta ar fáil a gcuirtear de chúram air rialacha talmhaíochta an Aontais a chur i bhfeidhm, rud a spreag é, i

[31] Ba cheart dom a lua, ina leith sin, gur glacadh Tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta Mancini agus Tizzano mar fhreagra a thabharfar ar cheisteanna a tharchuirfear go sonrach maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint.

[32] Breithiúnas an 16 Iúil 1992, *Belovo* (C-187/91, EU:C:1992:333, cuid oibríochtúil).

[33] Féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Meán Fómhair 1988, *Asteris agus páirtithe eile* (106/87 go 120/87, EU:C:1988:457, míreanna 18 agus 19). Féach freisin Prechal, S. agus Widdershoven, R.J.G.M., *Inleiding tot het Europees bestuursrecht*, 4ú heagrán, Ars Aequi Libri, 2017, lch. 227, dá dtagraítear freisin ag an gcúirt atreoraithe.

dtuairim an éilitheora, chun leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta a iarraidh, in ionad iad a fháil ó thríú sealbhóir, agus ar deireadh a spreag é diúltú dá iarratas ar an íocaíocht bhunúsach agus ar an nglasíocaíocht.

38. Ar an dara dul síos, ar choinníoll go dtionscnaítear an ghníomhaíocht faoi phrionsabal an dlí náisiúnta maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint chun damáiste a chúiteamh agus ní chun cearta a dhearbhú atá contrártha le foráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais, níl aon bhaol ann go mbainfear an bonn d'éifeachtacht dhlí an Aontais.

39. Maidir leis na príomhimeachtaí, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, faoina dlí náisiúnta, nach bhféadtar leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta faoi Rialachán Uimh. 1307/2013, ná d'aon íocaíocht de bhun an Rialacháin chéanna sin a bheith mar thoradh ar an gcaingean i leith damáistí a tugadh os a chomhair. Mar sin, ní féidir leis an éilitheoir sa chaingean sin tairbhe a bhaint de chearta neamhthuillte de bhua an Rialacháin sin. Ar an ábhar sin, níl aon bhaol ann do bhuiséad an Aontais a úsáid de shárú ar rialacha infheidhme an Aontais maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta. Ina theannta sin, mar a chuireann Rialtas na hÍsiltíre agus an Coimisiún béim, thabharfaí cúiteamh go heisiach ón mbuiséad náisiúnta as aon chaingean le haghaidh damáistí a tugadh faoin dlí náisiúnta agus a bheadh bunaithe ar iompar neamhdhleathach ag údarás náisiúnta. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh gníomhaíocht den sórt sin tionchar díobhálach a bheith aige ar na cistí a eascraíonn as buiséad an Aontais Eorpaigh ná difear a dhéanamh dá leasanna airgeadais.

40. D'fhéadfainn a chur leis, i dtaca leis an gcoinníoll maidir le héifeachtúlacht dhlí an Aontais, go bhféadfaí, i mo thuairim, trí chaingean le haghaidh damáistí i gcoinne údaráis náisiúnta a fheidhmiú, in imthosca amhail imthosca an cháis seo, rannchuidiú le feabhsú an réimis riaracháin chomhroinnte idir na Ballstáit agus an tAontas Eorpach i réimsí beartais a bhaineann le caiteachas chistí an Aontais Eorpaigh. Go deimhin, d'fhéadfadh go spreagfadh sé údaráis náisiúnta faisnéis iontaofa a sholáthar nuair a iarrann daoine aonair agus gnóthais uirthi [34] agus, i ndeireadh na dála, rialacha an Aontais agus caiteachas poiblí a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí.

41. Ar an tríú dul síos, i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí atá bunaithe ar an bprionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta, ní fheictear domsa gur féidir an bonn a bhaint d'aontacht dhlí an Aontais agus de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais, nó go n-eascródh saobhadh iomaíochta sna Ballstáit as, sa chiall atá luaite i mír 29 den Tuairim seo.

42. Chuige sin, léirítear sa chás seo, ar thaobh amháin, nach bhfuil éilitheoir ceaptha, i gcaingean le haghaidh damáistí atá bunaithe ar phrionsabal an dlí náisiúnta maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint, aon cheart a fháil a thugtar le dlí an Aontais chun aimhleasa daoine aonair inchomparáide i mBallstáit eile. Go háirithe, mar a thugann an Coimisiún chun suntais, ní bhfaigheadh éilitheoir den sórt sin teidlíochtaí íocaíochta ó shásra atá cosúil leis an gcúlchiste náisiúnta sa mhéid is nach bhfaigheadh feirmeoirí i mbun gníomhaíochtaí talmhaíochta i mBallstáit eile nár chomhlíon an ceanglas aoise atá leagtha síos in Airteagal 50(2)(b) de Rialachán Uimh. 1307/2013 teidlíochtaí nó íocaíochtaí den sórt sin ach an oiread.

[34] Féach, chuige sin, Airteagal 12 *et seq*. de Rialachán Uimh. 1306/2013 lena mbunaítear an "córas comhairleach feirme", nach mór do na Ballstáit a chur chun feidhme go héigeantach chun comhairle a thabhairt d'fheirmeoirí, eadhon maidir leis na rialacha 'traschomhlíonta' is infheidhme maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta. Is é RVO, a bhfuil baint aige leis na príomhimeachtaí, an ghníomhaireacht feidhmiúcháin a gcuirtear de chúram air oibleagáidí FAS san Ísiltír faoi láthair.

43. Ar an taobh eile, dá seasfaí le caingean an éilitheora le haghaidh damáistí, ní chumhdófaí leis an gcúiteamh a fuair sé ach an damáiste a ndearnadh dó mar gheall ar na dearbhuithe bréagacha a thug an t-údarás náisiúnta. Mar sin, contrártha leis an seasamh a ghlac Rialtas na Spáinne, ní thabharfaí aon bhuntáiste don éilitheoir thar ghnóthais eile san earnáil chéanna. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach a thabhairt chun cuimhne chuige sin, de réir chásdlí na Cúirte,[35] go bhfuil difríocht bhunúsach ó thaobh dlí de idir na damáistí a fhéadfar a ordú do na húdaráis náisiúnta a íoc le daoine aonair nó le gnóthais mar chúiteamh ar chaillteanas a bhfuil na húdaráis náisiúnta sin mar chúis leo agus an cúnamh poiblí atá i bhfabhar gnóthais áirithe. Leanann sé as sin, i gcás ina ndeonaítear le beart, mar atá sa chaingean lena mbaineann an cás seo, cúiteamh do dhuine aonair nó do ghnóthas i leith damáiste a ndearnadh dó amháin, mar thoradh ar dhearbhú bréagach, ní mheasfar go bhfuil an duine nó an gnóthas sin ag fáil buntáiste, rud a chiallaíonn go bhféadtar riosca saofa iomaíochta idir Ballstáit a eisiamh freisin.

44. I bhfianaise an méid sin thuasluaite, ní mór dom teacht ar an tátal nach gcuirtear bac le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint arna bhunú sa dlí náisiúnta chun cúiteamh a thabhairt don damáiste a líomhnaíonn éilitheoir i gcoinne an údaráis náisiúnta atá i gceannas ar rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm, nuair nach bhféadtar brath ar an bprionsabal céanna sin, arna aithint i ndlíchóras an Aontais, ós rud é go mbaineann foráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais leis. Mar sin féin, ionas go mbeadh sé sin amhlaidh, ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

– ar an gcéad dul síos, ní mór don chaingean arna tionscnamh ag an éilitheoir cúiteamh a lorg go heisiach as an damáiste a eascraíonn as na dearbhuithe bréagacha a chuir an t-údarás náisiúnta ar fáil, agus ní chun cearta a dhearbhú faoi rialacha an Aontais;

– ar an dara dul síos, ní dheonófar aon chúiteamh i ndamáiste a thig ón gcaingean sin ach ón mbuiséad náisiúnta; agus

– ar an tríú dul síos, ní mór go gcumhdófaí leis an gcúiteamh a eascraíonn as an gcaingean ach an damáiste a rinneadh agus níor cheart go dtabharfaí aon bhuntáiste eacnamaíoch don éilitheoir a bheadh contrártha le dlí an Aontais.

45. Déanfaidh an chúirt náisiúnta na trí choinníoll sin, mar aon leis na gnéithe as a n-eascraíonn éileamh ar chúiteamh de réir an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint faoin dlí náisiúnta, a mheasúnú.

Conclúid

46. Ar bhonn na hanailíse atá leagtha amach thuas, molaim go bhfreagróidh an Chúirt an cheist a tharchuir an College van Beroep voor het bedrijfsleven (an Chúirt Achomhairc Riaracháin do Thrádáil agus Tionscal, an Ísiltír):

Ní chuirtear bac le dlí an Aontais ar chur i bhfeidhm an phrionsabail i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint arna bhunú sa dlí náisiúnta chun cúiteamh a thabhairt don damáiste a líomhnaíonn éilitheoir i gcoinne an údaráis náisiúnta atá i gceannas ar rialacha an Aontais a chur i

[35] Breithiúnas an 27 Meán Fómhair 1988, *Asteris agus páirtithe eile* (106/87 go 120/87, EU:C:1988:457, mír 23). Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Wahl in *Achema agus páirtithe eile* (C-706/17, EU:C:2019:38, mír 52).

bhfeidhm, nuair nach bhféadtar brath ar an bprionsabal céanna sin, arna aithint i ndlíchóras an Aontais, ós rud é go mbaineann foráil neamh-dhébhríoch de dhlí an Aontais leis, ar na coinníollacha seo a leanas:

– go mbeadh cúiteamh á lorg go heisiach sa chaingean arna tionscnamh ag an éilitheoir ar an damáiste a eascraíonn as na dearbhuithe bréagacha a chuir an t-údarás náisiúnta ar fáil, agus ní chun cearta a dhearbhú faoi rialacha an Aontais;

– nach ndeonófaí aon chúiteamh i ndamáiste a thig ón gcaingean sin ach amháin ón mbuiséad náisiúnta; agus

– nach gcumhdófaí leis an gcúiteamh a eascraíonn as an gcaingean ach an damáiste a rinneadh agus nár cheart go dtabharfaí aon bhuntáiste eacnamaíoch don éilitheoir a bheadh contrártha le dlí an Aontais.